Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Eanáir 2020**
**(OR. en)**

**5164/20**

**STAT 1**
**FIN 10**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14548/2/19 REV 2 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The ethical frameworks of the audited EU institutions: scope for improvement* [Creataí eitice institiúidí an Aontais a ndearnadh iniúchadh orthu: feabhas ag teastáil'] - Conclúidí ón gComhairle (19 Nollaig 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The ethical frameworks of the audited EU institutions: scope for improvement* [Creataí eitice institiúidí an Aontais a ndearnadh iniúchadh orthu: feabhas ag teastáil], a ghlac an Chomhairle ag an 3741ú cruinniú dá cuid, ar an 19 Nollaig 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The ethical frameworks of the audited EU institutions: scope for improvement* [Creataí eitice institiúidí an Aontais a ndearnadh iniúchadh orthu: feabhas ag teastáil]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The ethical frameworks of the audited EU institutions: scope for improvement* [Creataí eitice institiúidí an Aontais a ndearnadh iniúchadh orthu: feabhas ag teastáil];

2. AITHNÍONN SÍ gur treoir bhailí chun creataí eitice a bhunú in institiúidí an Aontais atá san anailís chúlra agus sa mhodheolaíocht a leanann "creat bainistithe ionracais" na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus a chuid moltaí[1] ina leith;

3. AITHNÍONN SÍ conclúidí agus moltaí na Tuarascála Speisialta agus TAGANN SÍ LE measúnú na Cúirte Iniúchóirí gur bhunaigh institiúidí an Aontais, a ndearnadh iniúchóireacht orthu (an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa) creataí eitice a bhí leordhóthanach den chuid is mó, ach go bhféadfaí feabhas a chur orthu i réimsí áirithe;

4. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé na caighdeáin ghairmiúla is airde is féidir a choimeád in institiúidí an Aontais trí chreataí eitice uaillmhianacha trédhearcacha a chur ar bun chun freastal ar leas an Aontais, agus bainistíocht éifeachtúil éifeachtach ar na hacmhainní atá ar fáil á háirithiú;

5. TACAÍONN SÍ LE le feabhas breise a chur ar chreataí comhchuibhithe laistigh d'institiúidí an Aontais a ndearnadh iniúchadh orthu, agus i ngach ceann de na hinstitiúidí sin, bunaithe ar chomhar idirinstitiúideach níos dlúithe agus ar mhalartú dea-chleachtas d'fhonn muinín san Aontas ina iomláine a neartú; ní mór do na creataí sin freastal ar róil agus riachtanais ar leith na n-institiúidí;

[1] Ina leith seo féach *Recommendation of the OECD Council on Improving Ethical Conduct in the Public Service Including Principles for Managing Ethics in the Public Service*, *1998* [Moladh ó Chomhairle ECFE maidir le hIompar Eiticiúil a Fheabhsú sa tSeirbhís Phoiblí, lena n-áirítear Prionsabail chun Eitic a Bhainistiú sa tSeirbhís Phoiblí, 1998 , OECD/LEGAL/0298, in *OECD, Trust in Government* [ECFE, Muinín as an Rialtas]. *Ethics measures in OECD Countries, Paris, 2000* [Bearta eitice i dTíortha ECFE, Páras, 2000]. *OECD Recommendation on Public Integrity, Paris, 2017* [Moladh ECFE maidir le hIonracas Poiblí, Páras, 2017].

6. MEASANN SÍ gur tagarmharc luachmhar í an Tuarascáil Speisialta, d'ainneoin a raon feidhme teoranta agus a fócas ar chreataí iomchuí eitice a bhunú seachas ar a gcur chun feidhme, chun creataí agus straitéisí ábhartha a fhorbairt d'Údaráis Ceapacháin an Aontais ar fud an Aontais, rud a spreagann institiúidí agus comhlachtaí an Aontais gníomhaíochtaí a bheartú chun comhluachanna, comhphrionsabail agus comhnoirm eitice a fhorbairt;

7. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil Comhaltaí na Comhairle Eorpaí agus Comhaltaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ionadaithe rialtais na mBallstát atá rannpháirteach i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle faoi réir rialacha náisiúnta lena mbunaítear creataí eitice, agus nach bhfuil aon fhoras ann iad a áireamh faoi raon feidhme comhchreata eitice ar leibhéal an Aontais;

8. AITHNÍONN SÍ
   (i) an gá atá le comhsheasmhacht mhéadaithe ar fud chreataí institiúidí uile an Aontais, go háirithe maidir le feasacht na foirne agus cuntasacht éifeachtach ar gach leibhéal, agus ar an gcaoi sin cultúr an ionracais phoiblí a fheabhsú trí shoiléireacht na gcreataí eitice;
   (ii) a thábhachtaí atá sé sásraí a bhunú chun neamhrialtachtaí a thuairisciú go comhsheasmhach agus go héifeachtach;
   (iii) an gá atá le dlúthnaisc oibríochtúla idir na seirbhísí arna n-ainmniú ag na hÚdaráis Cheapacháin chun dul i ngleic le hiompraíochtaí mí-eiticiúla agus idir institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus údaráis náisiúnta, de réir mar is iomchuí;

9. CUIREANN SÍ bhFIOS GO BHFUIL RÚN AICI obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcreataí eitice in institiúidí an Aontais agus IARRANN SÍ ar Údaráis Cheapacháin na n-institiúidí faoi seach machnamh a dhéanamh ar straitéisí iomchuí a bhunú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí spriocdhírithe agus saincheaptha chun feasacht na foirne a ardú mar aon le faireachán leanúnach agus sásraí féincheartúcháin;

10. IARRANN SÍ AR gach Údarás Ceapacháin a machnamh a dhéanamh ar bhearta breise a d'fhéadfadh a bheith iomchuí.